CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1800 ÓN gCOMHAIRLE

a glacadh de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin

an 19 Meán Fómhair 2023

lena gceaptar Comhalta den Choimisiún Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 246 de,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Eorpach Cinneadh (AE) 2019/1989 ([2]) lena gceaptar an Coimisiún Eorpach don tréimhse go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

(2) I litir dar dáta an 15 Bealtaine 2023, chuir Ursula VON DER LEYEN, Uachtarán an Choimisiúin, an Chomhairle ar an eolas go raibh Mariya GABRIEL tar éis éirí as a post mar Chomhalta den Choimisiún.

(3) I gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 246 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfar folúntas a tharlóidh de bharr éirí as oifig a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an Chomhalta le Comhalta nua den náisiúntacht chéanna.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Comhalta nua den Choimisiún a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

De chomhthoil le hUrsula VON DER LEYEN, Uachtarán an Choimisiúin, ceapann an Chomhairle Iliana IVANOVA mar Chomhalta den Choimisiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige, a leanfaidh go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS

([1]) Tuairim an 12 Meán Fómhair 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh (AE) 2019/1989 ón gComhairle Eorpach an 28 Samhain 2019 lena gceaptar an Coimisiún Eorpach (IO L 308, 29.11.2019, lch. 100).